# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 318 I

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

12 Nollaig 2022


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2428 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin** ........ 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2429 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré** ........ 13

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2430 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ........ 20


CINNTÍ


★ **Cinneadh (CBES) 2022/2431 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré** ........ 25

★ **Cinneadh (CBES) 2022/2432 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ........ 32

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/2433 ón gComhairle an 12 Nollaig 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin** ........ 36


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2428 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

(2) An 25 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go géar úsáid fhorleathan agus dhíréireach fornirt ag fórsaí slándála na hIaráine ina gcoinne siúd a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach, ag tabhairt dá aire go raibh básanna chomh maith le líon mór gortuithe mar thoradh air. Sonraíodh freisin sa dearbhú nach mór iad siúd atá freagrach as Mahsa Amini a mharú a thabhairt chun cuntais, agus iarradh ar údaráis na hIaráine imscrúduithe trédhearcacha inchreidte a áirithiú chun líon na ndaoine a fuair bás agus a gabhadh a shoiléiriú, gach duine a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach a scaoileadh saor agus próis chuí a chur ar fáil do gach duine atá á choinneáil. Ina theannta sin, cuirtear i bhfios go láidir sa dearbhú, i ndáil leis an gcinneadh a rinne an Iaráin srian mór a chur ar rochtain ar an idirlíon agus ardáin teachtaireachtaí meandracha a bhlocáil, gur sárú follasach atá ann ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ar deireadh, luaitear sa dearbhú go ndéanfaidh an tAontas machnamh ar na roghanna uile atá ar fáil dó chun aghaidh a thabhairt ar mharú Mahsa Amini agus ar an gcaoi ar fhreagair fórsaí slándála na hIaráine do na léirsithe ina dhiaidh sin.

(3) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach saincheist imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart 20 duine agus aon eintiteas amháin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 359/2011.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "136. | JEBELLI Peyman<br>پیمان جبلی | Dáta breithe: 25.1.1967<br>Áit bhreithe: Tehran (Iran)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) | Is é Peyman Jebelli Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), eagraíocht a bhfuil droch-cháil air as bheith ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br>Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na "hadmhálacha" seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú. Agus é ina stiúrthóir ar IRIB, tá Jebelli freagrach as gníomhaíochtaí agus ábhar nuachta na heagraíochta sin.<br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022, leanann Jebelli dá chúram mar atá. Bhí a cheapachán mar stiúrthóir phríomhfhoinse nuachta oifigiúil na hIaráine fógartha ag an gCeannaire Uachtarach Ali Khamenei, rud a thugann le fios go bhfuil luí idé-eolaíoch aige leis an réimeas.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 137. | REZVANI Ali<br>رضوانی علی | Dáta breithe: 1984<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Tuairisceoir agus láithreoir nuachta de chuid Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) maidir le cúrsaí polaitíochta agus slándála | Oibríonn Ali Rezvani mar thuairisceoir don Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus tá sé ina láithreoir nuachta ar an gclár nuachta 20.30 a bhíonn ar IRIB istoíche.<br>Is eagraíocht meán Iaránach é IRIB atá faoi smacht an stáit agus a bhfuil sé de chúram air faisnéis an rialtais a scaipeadh. Is é clár nuachta nuacht 20.30 IRIB ar Channel 2, príomchlár nuacht na tíre, agus meastar gurb é príomhardán IRIB chun cláir oibre na bhfórsaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Ministry of Intelligence (MOIS) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Léirítear i gcásanna a bhfuil taifead déanta orthu go gcraolann nuacht 20.30 admhálacha faoi éigeantas. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar thuairisceoir de chuid IRIB, glacann Ali Rezvani páirt sa cheastóireacht a mbíonn admhálacha éigeantacha mar thoradh uirthi, agus bíonn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine á ndéanamh agus á n-éascú go díreach aige dá bharr sin. Ina cháil mar láithreoir nuachta nuacht 20.30, cuireann Rezvani clár oibre fhórsaí slándála na hIaráine chun cinn, ina gceadaítear sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, amhail céastóireacht, chomh maith le gabháil agus coinneáil threallach. Bíonn Rezvani ag bolscaireacht chomh maith i gcoinne lucht cáinte an réimis chun imeaglú a dhéanamh orthu agus chun údar maith agus spreagadh a thabhairt le go gcaithfí go dona leo, rudaí a sháraíonn a gceart chun saoirse tuairimí a nochtadh.<br><br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | |
| 138. | ZABIHPOUR Ameneh Sadat<br>ذبیح پور آمنه سادات | Dáta breithe: 7.8.1984<br><br>Áit bhreithe: Iran<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: baineann<br><br>Feidhm: Tuairisceoir de chuid an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus ceann an ghrúpa meán eachtrach Peirsise ag IRIB atá ann<br><br>Uimh. Pas: 09324611 | Tá Ameneh Sadat Zabihpour ina cheann ar an ngrúpa meán eachtrach Peirsise ag IRIB a bhfuil droch-cháil air as bheith ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br><br>Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na "hadmhálacha" seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú.<br><br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022, leanann Zabihpour dá cúram mar atá. Tá ceastóireacht curtha aici ar lucht cáinte an réimis agus físeáin déanta aici d'admhálacha éigeantacha.<br><br>Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 139. | KHATAMI Seyyed Ahmad<br>خاتمی سید احمد | Dáta breithe: 8.5.1960<br>Áit bhreithe: Semnan, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Imam le haghaidh phaidreoireacht na hAoine, Comhalta den Assembly of Experts for the Leadership | Is cléireach antoisceach é Seyyed Ahmad Khatami, chomh maith lena bheith ina imam le haghaidh phaidreoireacht na hAoine in Tehran a bhfuil tionchar mór aige. Tá Khatami ina chomhalta chomh maith den Assembly of Experts for the Leadership, eintiteas Iaránach a bhfuil baint aige féin le sáruithe ar chearta an duine mar gheall ar an gcaoi a bhfuil teipthe aige seasamh le forálacha bunreachtúla.<br>Agus é ina chléireach a bhfuil dlúthbhaint aige le húdaráis an stáit agus a bhfuil lucht leanúna mór aige, baineann sé leas as an stádas atá aige chun ionsaithe ó bhéal a dhéanamh ar agóideoirí agus foréigean a ghríosú ina gcoinne. Ní hamháin go gcosnaíonn sé gníomhaíochtaí cos ar bholg fhórsaí slándála na hIaráine, ach i roinnt cásanna, bhí sé ag tathant orthu a bheith anuas ar na hagóideoirí ar bhealach níos déine, agus pionós an bháis á mholadh aige i measc nithe eile.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 140. | MIRAHMADI Seyyed Majid<br>مجید سید میراحمدی | Áit bhreithe: Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha na hIaráine | Is an Briogáidire-Ghinearál Seyyed Majid Mirahmadi Leas-Aire Gnóthaí Baile na hIaráine, agus é freagrach as fórsaí slándála agus póilíní na hIaráine a mhaoirsiú, ar dreamanna iad atá páirteach i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.<br>Déanann fórsaí slándála agus póilíní na hIaráine cos ar bolg foréigneach ar agóidí, agus iad ag scaoileadh go díreach le hagóideoirí síochánta agus ag gabháil daoine go treallach, gan aird ar bith acu ar chearta na ndaoine sin.<br>Sna ráitis uaidh, déanann Mirahmadi tagairt do na hagóidí mar chíréibeacha ar gá deireadh a chur leo, agus tugann le fios, agus é ag bagairt orthu, gur coirpigh iad na daoine a ghlacann páirt sna hagóidí síochánta. Tá na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine atá déanta ag na fórsaí atá faoina smacht á gceilt go pearsanta aige; mar shampla, trína bheith ag maíomh gur chuir an t-agóideoir 16 bliana d'aois darb ainm Nika Shakrami lámh ina bás féin. Tugtar le fios sna tuairiscí gur rídhócha gur mharaigh na fórsaí slándála í.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 141. | MOUSAVI Sayyed Abdolrahim<br>موسوی سید عبدالرحیم | Dáta breithe: 1959/1960<br>Áit bhreithe: Qom, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Maor-Ghinearál<br>Feidhm: Ard-Cheannasaí Arm na hIaráine | Is é an Maor-Ghinearál Sayyed Abdolrahim Mousavi Ard-Cheannasaí Arm na hIaráine. Sa cháil sin, tá freagracht air as rannpháirtíocht Arm na hIaráine i bhfreagairt fhoréigneach an réimis ar agóidí 2022.<br>Chuir Mousavi síos roinnt uaireanta ar na hagóidí san Iaráin mar chíréibeacha a bhí eagraithe agus pleanáilte ag naimhde na hIaráine, agus é ag tabhairt le fios gur bagairt ar an tsláandáil náisiúnta a bhí sna hagóidí céanna. Labhair sé go bagrach chomh maith i gcoinne daoine atá páirteach sa ghluaiseacht agóidíochta. Anuas air sin, mhol freagairt fhoréigneach fhórsaí slándála na hIaráine ar na hagóideoirí, agus é ag rá gur bealach éifeachtach é le naimhde na hIaráine a dhíothú.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 142. | BORMAHANI Mohsen<br>محسن برمهانی | Dáta breithe: 24.5.1979<br>Áit bhreithe: Neishabur, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimh. Pas: A54062245 (an Iaráin), a rachaidh in éag an 12 Iúil 2026<br>Uimh. Cárta Aitheantais Náisiúnta: 1063893488 (an Iaráin)<br>Feidhm: Leas-Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) | Is é Mohsen Bormahani Leas-Stiúrthóir an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhíonn ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br>Sa cháil atá aige, tá Bormahani freagrach as inneachar IRIB. Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na "hadmhálacha" seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú.<br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022 san Iaráin, leanann Bormahani dá chúram mar Leas-Stiúrthóir agus tá cosaint déanta aige ar an réimeas sna ráitis is déanaí uaidh.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 143. | JOKAR Morteza<br>جوکار مرتضا<br>(ar a dtugtar freisin JOWKAR Morteza) | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Leas-Cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Coirnéal Morteza Jokar Leas-Cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan.<br>Sa bhfeidhm sin, tá sé freagrach as an gcniogbheartaíocht fhoréigneach a stiúradh ar agóideoirí sibhialta i gCúige Sistan agus Baluchestan tar éis bhás Mahsa Amini i mí Mheán Fómhair 2022. Tá fórsaí faoina cheannas freagrach as armlón beo a scaoileadh ag agóideoirí le linn sléacht an 30 Meán Fómhair 2022 in Zahedan agus sléacht an 4 Samhain 2022 in Khash, inar maraíodh agus inar gortaíodh na scórtha daoine. Rinneadh cniogbheartaíocht fhoréigneach eile ar agóidí i gcathracha cúigeacha eile (Saravan, Chabahar, Iranshahr, Rask, Sarbaz agus eile) a bhí faoi smacht aige freisin i bhfómhar 2022.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 144. | SOURI Majid<br>سوری مجید | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan | Tá an Coirnéal Majid Souri ina Leas-Cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan.<br>Tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach a rinne na fórsaí slándála ar agóidí in 2022, go háirithe i gcathair Khorramabad, áit ar tháinig daoine le chéile chun bás Nika Shakrami a chaoineadh, déagóir ón Iaráin, a fuadaíodh go luath tar éis bhás Mahsa Amini.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 145. | KARIMI Mohsen<br>کریمی محسن | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Markazi | Tá an Briogáidire-Ghinearál Mohsen Karimi ina cheann ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Markazi.<br>Tá sé freagrach as cur faoi chois foréigneach na bhfórsaí slándála ar agóidí in 2022, as ar eascair freisin bás Mehrshad Shahidi, a bhí 19 mbliana d'aois, in ionad coinneála IRGC in Arak.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 146. | HEYDARNIA Alireza<br>حیدرنیا علیرضا | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Alborz | Tá an Briogáidire-Ghinearál Alireza Heydarnia ina Cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Alborz.<br>Tá IRGC freagrach as agóideoirí a chur faoi chois go foréigneach, go háirithe i gcathair Karaj, i gcúige Alborz, in 2022. Sa chathair sin, rinne fórsaí slándála cniogbheartaíocht ar lucht agóide ar ócáid slógaí chun ómós a thabhairt d'íospartaigh na n-agóidí ag an 40ú lá tar éis a mbáis.<br>An 17 Deireadh Fómhair 2022, d'fhuadaigh fórsaí slándála in Karaj Armita Abbasi, cailín 20 bliain d'aois, a fhuadach ón ospidéal agus rinne siad éigniú uirthi arís agus arís eile.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 147. | GARSHASBI Amanollah<br>گرشاسبی امانالله | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Amanollah Garshasbi ina leas-cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan. Tá an cór cúigeach, *Salaman*, faoina cheannas.<br>Is sa chúige Sistan agus Baluchestan a chonacthas an chuid is foréigní den chniogbheartaíocht a rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear fórsaí IRGC, le linn agóidí 2022. An 30 Meán Fómhair 2022, ba i Zahedan, príomhchathair an chúige, a tharla an eachtra "Aoine na fola", nuair a scaoil fórsaí slándála urchair ar agóid a bhí ag dul ar aghaidh ag am phaidir na hAoine i Zahedan. Meastar gur lámhachadh agus gur maraíodh 70 agóideoir ar a laghad. Leanadh den fhoréigean i gcoinne rannpháirtithe in agóidí ó shin i leith.<br>Tá Garshasbi freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 148. | REYHANI Bahman<br>بهمن ریحانی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí chór an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) in iarthair na hIaráine, atá freagrach as cúige ;Kermanshah". | Is é an Briogáidire-Ghinearál Bahman Reyhani leas-cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i West of Iran, agus tá sé freagrach as cúige Kermanshah. Tá an cór cúigeach, *Hazrat Nabi Akram* faoina cheannas.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, cniogbheartaíocht fhoréigneach i gcúige Kermanshah le linn agóidí 2022. Tá Reyhani ar dhuine de na daoine atá freagrach as foréigean IRGC i gcoinne agóideoirí i gcúige Kermanshah.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 149. | SHAHSAVARI Habib<br>شهسواری حبیب | Dáta breithe: 1963/1964<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige West Azerbaijan | Is é an Briogáidire-Ghinearál Habib Shahsavari ceannasaí ar chór cúigeach Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) do chúige West Azerbaijan.<br>Rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, rinneadh na hoibríochtaí sin i gcoinne agóideoirí i mbailte Piranshahr, Mahabad agus Bukan i West Azerbaijan. Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin. De réir mheastacháin eagraíochtaí neamhrialtasacha, ba oibríochtaí IRGC i mbailte Mahabad agus Bukan a ba chúis le marú ceathrar agus dáréag faoi seach.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 150. | ABDOLLAHPOUR Mohammad<br>عبدللاهپور محمد | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Quds an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Gilan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Mohammad Abdollahpour ina cheannasaí ar chór cúigeach Quds an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Gilan.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, cniogbheartaíocht fhoréigneach i gcúige Gilan le linn agóidí 2022, faoi cheannas Abdollahpour.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 151. | MOSLEMI Siavash<br>مسلمی سیاوش | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Karbala an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Mazandaran | Tá an Briogáidire-Ghinearál Siavash Moslemi ina cheannasaí ar chór cúigeach Karbala an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Mazandaran ó mhí an Mheithimh 2020.<br>In 2022, bhain trúpaí IRGC faoina cheannas úsáid as fórsa díréireach i gcoinne agóideoirí i leith na n-oibríochtaí sin. Mar cheannasaí ar na trúpaí a bhí páirteach, tá Moslemi i measc na ndaoine atá freagrach as foréigean i gcoinne agóideoirí.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 152. | ZULQADR Ahmad<br>ذوالقدر احمد | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Seyyed al-Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Tehran | Tá an Briogáidire-Ghinearál Siavash Moslemi ina cheannasaí ar chór cúigeach Seyyed al-Shohada an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Tehran ó mhí na Samhna 2020. Tá sé ina leas-cheannasaí ar chór IRGC i gcathair Tehran freisin.<br>De réir tuairiscí ó na meáin, roghnaíodh Zulqadr don phost go háirithe mar gheall ar a shaineolas maidir le hagóidí a chur faoi chois. In 2022, bhí an chos ar bolg i gcoinne agóideoirí in Tehran fíorfhoréigneach.<br>Mar cheannasaí ar thrúpaí IRGC a bhí ag gabháil don fhoréigean sin i gcoinne agóideoirí, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 153. | KASHKOULI Morteza<br>کشکولی مرتضی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Hazrat Abulfazl an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gCúige Lorestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Morteza Kashkouli ina cheannasaí ar chór cúigeach Hazrat Abulfazl an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan.<br>In 2022, rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, rinneadh oibríochtaí i mbaile Khorramabad in Lorestan. Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin, agus armlón beo in úsáid acu i gcoinne agóideoirí.<br>Mar cheannasaí ar na fórsaí IRGC sin, tá Kashkouli i measc na ndaoine atá freagrach as an bhforéigean sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 154. | BAYAT Isa<br>بیات عیسی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Ceannasaí an 364ú briogáid (Shahid Nasirzadeh) de chuid an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i Mahabad, i gcúige West Azerbaijan | Ó mhí an Mheithimh 2022, tá an Coirnéal Isa Bayat ina cheannasaí ar an 364ú briogáid de chuid an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), (Shahid Nasirzadeh), i Mahabad, i gcúige West Azerbaijan.<br>In 2022, rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí míleata i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, baineadh úsáid as fórsa díréireach i leith na n-oibríochtaí sin i gcoinne agóideoirí i Mahabad, agus inar maraíodh ceathrar mar thoradh ar sin.<br>Mar cheannasaí ar aonad de chuid IRGC a dhéanann na hoibríochtaí sin, tá Bayat freagrach as foréigean i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 155. | ASANLOO Mohammad Taghi<br>آصانلو محمد تقی | Áit bhreithe: Zanjan province, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar cheanncheathrú réigiúnach an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Hamzeh Seyed Al-Shohada in Iarthuaisceart na hIaráine | Is é an Briogáidire-Ghinearál Mohammad Taghi Asanloo an ceannasaí ar cheanncheathrú réigiúnach Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Hamzeh Seyed Al-Shohada in Iarthuaisceart na hIaráine, agus tá sé freagrach as cúigí Kordestan agus West Azerbaijan.<br>Is é misean sonrach cheanncheathrú "Hamzeh Seyed Al-Shohada" corraíl a chur faoi chois i réigiúin Choirdíneacha in Iarthuaisceart na hIaráine. In 2022, rinne trúpaí IRGC sa cheantar sin, faoi cheannas Asanloo, oibríochtaí míleata i gcoinne agóideoirí i réigiún Coirdíneach na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, rinne trúpaí IRGC faoi cheannas Asanloo oibríochtaí den sórt sin i gcoinne agóideoirí i mbailte Piranshahr, Mahabad agus Bukan.<br>Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin. De réir mheastacháin eagraíochtaí neamhrialtasacha, ba oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha ba chúis le marú 42 duine ón 15 Samhain 2022.<br>Mar cheannasaí ar thrúpaí IRGC sa réigiún, tá Asanloo freagrach as foréigean a dhéanann a chuid trúpaí i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022". |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "12. | Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB)<br>سازمان صدا و سیمای جمهوری اسلامی ایران | Seoladh: Jamejam Street, Valiasr Avenue, 19395-3333 Tehran, Iran<br>An cineál eintitis: cuideachta craolacháin faoi úinéireacht stáit<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) | Is cuideachta craolacháin faoi úinéireacht stáit é Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhfuil a gcáil amuigh mar urlabhraí don réimeas.<br>Tá IRIB freagrach as admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla, agus ó dhaoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear, dá bhrí sin, cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta chun triail chóir agus próis chuí a fháil.<br>Tá IRIB freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022". |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2429 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 an 30 Lúnasa 2017 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagal 47 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) Sna conclúidí uaithi an 17 Iúil 2017, chuir an Chomhairle in iúl go ndéanfadh an tAontas machnamh ar fhreagairtí iomchuí breise ar ghníomhaíochtaí ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) a bhaineann an bonn den chóras domhanda maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, go háirithe trí bhearta sriantacha uathrialacha breise.

(3) An 22 Nollaig 2017, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, inar athdhearbhaigh sí an méid seo a leanas maidir le DPDC: nach ndéanfaidh sé aon lainseálacha eile lena n-úsáidtear teicneolaíocht diúracán balaistíoch, tástálacha núicléacha, ná aon bhriogadh eile; go bhfuil sé leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann lena chlár diúracán balaistíoch a chur ar fionraí láithreach agus sa chomhthéacs sin na gealltanais a thug sé cheana féin maidir le moratóir ar gach lainseáil diúracán a athbhunú; go bhfuil sé le gach arm núicléach agus gach clár núicléach atá ann cheana a thréigean láithreach ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe, agus go bhfuil sé le scor láithreach de na gníomhaíochtaí gaolmhara go léir; agus go bhfuil sé le haon airm ollscriosta eile atá ann cheana agus aon chláir diúracán balaistíoch atá ann cheana a thréigean ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe.

(4) Idir an 5 Eanáir agus an 18 Samhain 2022, lainseáil DPDC 63 dhiúracán bhalaistíocha ar a laghad, lena n-áirítear an iliomad diúracán bhalaistíoch idir-ilchríochach.

(5) An 5 Samhain 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") ráiteas thar ceann an Aontais inar cáineadh an méadú suntasach ar lainseáil diúracán neamhdhleathach ag DPDC, lena n-áirítear diúracán balaistíoch idir-ilchríochach agus diúracán balaistíoch gearr-raoin a tháinig i dtír ó dheas de Líne Teorann an Tuaiscirt. Dúirt an tArdionadaí gur géarú contúirteach iad na gníomhaíochtaí sin i sáruithe DPDC ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus gur léiriú scáfar iad ar rún DPDC leanúint de bheith ag baint an bhoinn den chóras domhanda maidir le neamhleathadh, ar bagairt thromchúiseach é do na náisiúin uile agus a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil idirnáisiúnta agus réigiúnach. Dúirt an tArdionadaí freisin go n-éilítear leis na gníomhaíochtaí sin freagairt dhaingean ó CSNA agus d'iarr sé go gcuirfí smachtbhannaí chun feidhme ina n-iomláine chun cosc a chur ar DPDC maoiniú, eolas agus ábhair a sholáthar chun tacú lena clár arm neamhdhleathach. An 19 Samhain 2022, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas eile thar ceann an Aontais, inar cháin sé gur lainseáil DPDC diúracán balaistíoch idir-ilchríochach a tháinig i dtír i limistéar eacnamaíoch eisiach na Seapáine an 18 Samhain agus inar iarradh arís ar DPDC a chuid oibleagáidí faoi na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh. D'athdhearbhaigh an tArdionadaí freisin an gá atá le freagairt iomchuí ó CSNA agus meabhraíodh dó an dualgas atá ar Chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe gníomhú chun na smachtbhannaí arna bhforchur ag CSNA a chur chun feidhme go hiomlán.

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

(6) I bhfianaise na ngníomhaíochtaí leanúnacha a dhéanann DPDC a bhaineann le diúracán balaistíoch, lena sáraítear Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus lena dtugtar neamhaird neamhnáireach orthu, ba cheart ochtar duine aonair agus ceithre eintiteas (lena n-áirítear dhá shoitheach) a chur ar liostaí na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1509 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn XV mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal "(a) Daoine nádúrtha arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)", cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "32. | KIM Kwang Yon<br>김광연 | | Dáta breithe: 30.7.1966<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 563210059 (in éag 2018); 654410104 (in éag 2019) | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID) i nDeisceart na hAfraice, glacann KIM Kwang Yon páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |
| 33. | KIM Su Il<br>김수일 | | Dáta breithe: 4.3.1985<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 108220348; 745220480<br>Seoladh: Ho Chi Minh, Vietnam | 12.12.2022 | Ó 2016 i leith, tá KIM Su Il ina ghníomhaire i Vítneam do Munitions Industry Department, agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, trádála, mianadóireachta agus loingseoireachta á ndéanamh aige a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó an Department chun airgeadra eachtrach a thuilleamh do DPDC. Tá baint aige le honnmhairiú táirgí DPDC amhail antraicít agus tiúchan tíotáiniam. Thuill sé airgeadra eachtrach freisin trí amhábhair a allmhairiú agus a onnmhairiú chuig DPDC agus ó DPDC agus earraí Vítneamacha a onnmhairiú chuig an tSín agus chuig tíortha eile. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí airgeadais a thacaíonn le cláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. |
| 34. | PAK Kwang Hun<br>박광훈 | BAK Gwang Hun | Dáta breithe: 1970<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong), glacann PAK Kwang Hun páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 35. | KIM Ho Kyu 김호규 | KIM Ho Gyu | Dáta breithe: 15.9.1970<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Ard-Chonsalacht DPDC in Nakhodka, Cónaidhm na Rúise<br>Feidhm nó gairm: Ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong)<br>Leas-Chonsalacht ag Ard-Chonsalacht DPDC in Nakhodka, Cónaidhm na Rúise | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong), glacann KIM Ho Kyu páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |
| 36. | JONG Yong Nam 정영남 | | Dáta breithe: 26.1.1966<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: PS 927120050<br>Seoladh: Minsk, Belarus<br>Feidhm nó gairm: Ionadaí i Mionsc ar an Second Academy of Natural Sciences de chuid DPDC | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí i Minsk, Belarus, ar eagraíocht a bhfuil naisc dhíreacha aici leis an Second Academy of Natural Sciences de chuid DPDC, glacann JONG Yong Nam páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhe do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile." |

(b) faoin gceannteideal "(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Ailias | Suíomh | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "6. | Ministry of Rocket Industry<br>로케트공업부 | Rocket Industry Department | Pyongchon, DPRK | 12.12.2022 | Fuair Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe faisnéis ar dhuine aonair atá fostaithe ag cuideachtaí atá nasctha leis an Ministry of Rocket Industry ar duine é atá bainteach le soláthar airgeadais trí haipeanna fioscaireachta haiceála. Fuair Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe faisnéis freisin ó Bhallstáit éagsúla na Náisiún Aontaithe maidir le duine aonair a fuair púdar alúmanaim agus tráchtearraí eile is eol a bheith á n-úsáid i dtiomántán breosla sholadaigh don Ministry of Rocket Industry. Tuairiscíonn Painéal na Náisiún Aontaithe gur gníomhaireacht de chuid an Munitions Industry Department é an Ministry of Rocket Industry. Ós rud é go bhfuil an Munitions Industry Department freagrach as teicneolaíocht núicléach agus diúracán a fhorbairt, d'fhéadfaí an maoiniú a sholáthraíonn Ministry of Rocket Industry a úsáid chun tacú le forbairt na teicneolaíochta núicléiche agus na diúracán atá toirmiscthe ag rúin de chuid UNSC." |

(c) cuirtear isteach na ceannteidil seo a leanas:

"(d) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 34(4)

(e) Daoine nádúrtha arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 34(4)";

(d) cuirtear isteach an ceannteideal agus na hiontrálacha seo a leanas:

"(f) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 34(4)

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Unica | | Cineál na loinge: soitheach seachadta, tancaer ola<br>Príomhionad gnó: DPDC, Daon-Phoblacht na Síne<br>IMO: 8514306 | 12.12.2022 | Glacann an tancaer ola agus an soitheach seachadta Unica páirt ghníomhach in aistrithe ó long go long de pheitriliam scagtha agus in sciúradh céannachta soithí chun peitriliam scagtha a sheachadadh go héifeachtach do DPDC, de shárú Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Déanann Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Unica a lua go rialta de bhun Rún 1874 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena ainmniú ag an gCoiste.<br>Sa cháil sin dó, bíonn Unica páirteach go díreach i gcur ar fáil soláthairtí a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 2. | New Konk | | Cineál na loinge: soitheach seachadta, tancaer ola<br>Úinéir: New Konk Ocean International Company Limited<br>Príomhionad gnó: DPDC, Daon-Phoblacht na Síne<br>IMO: 9036387 | 12.12.2022 | Glacann an tancaer ola agus an soitheach seachadta New Konk páirt ghníomhach in aistrithe ó long go long de sciúradh céannachta peitriliam scagtha agus soithí chun peitriliam scagtha a sheachadadh go héifeachtach do Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, de shárú Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Déanann Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe New Konk a lua go rialta de bhun Rún 1874 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena ainmniú ag an gCoiste.<br>Sa cháil sin dó, bíonn New Konk páirteach go díreach i gcur ar fáil soláthairtí a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile.” |

(2) Leasaítear Iarscríbhinn XVI mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal “(a) Daoine nádúrtha”, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| “29. | KIL Jong Hun | Dáta breithe: 7.8.1965 / 20.2.1972<br>Pasuimhir: 563410081 / 472410022<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí don Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID), tá Kil Jong Hun freagrach as cúnamh a chur ar fáil maidir le soláthar arm don Ghuine Mheánchiorclach, rud a thagann timpeall ar an trádbhac idirnáisiúnta arm a leagtar amach i rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá sé faoi smachtbhannaí na Stát Aontaithe ó bhí 2015 ann. Fostaíodh é roimhe sin mar ionadaí ar an eintiteas ainmnithe, KOMID, sa Namaib faoi stádas taidhleoireachta, tá cuntas bainc curtha ar bun aige san Afraic Theas. Mar gheall ar a sheasamh, leanann sé dá ghníomhaíochtaí iomadaithe ar son KOMID chun maoiniú luachmhar a chur ar fáil do DPDC in ainneoin smachtbhannaí idirnáisiúnta. |
| 30. | PYON Kwang Chol | Dáta breithe: 16.9.1964<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar leas-ionadaí do chomhlacht a bhfuil amhras faoi gur bréagchomhlacht de chuid an Second Academy of Natural Sciences in Dalian (an tSín) é, glacann PYON Kwang Chol páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhedo chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha agus a bhaineann le hairm ollscriosta eile . Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |

| | Ainm (agus ailiasanna féideartha) | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| 31. | O Yong Ho | Dáta breithe: 25.12.1961<br>Pasuimhir: 108410041<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí i Moscó, Cónaidhm na Rúise, ag a bhfuil naisc dhíreacha leis an Second Academy of Natural Sciences, glacann O Yong Ho páirt, faoi stádas taidhleoireachta, i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhe do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha agus a bhaineann le hairm ollscriosta eile. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile." |

(b) faoin gceannteideal "(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí", cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Suíomh | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| "9. | Korea Rounsan Trading Corporation<br>로은산무역회사 | | 12.12.2022 | Tá an Korean Rounsan Trading Corporation ina fhochuideachta de chuid Ministry of Rocket Industry de chuid DPDC. Sa cháil sin dó, bíonn an t-eintiteas páirteach go díreach i gcur ar fáil tacaíochta do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Tá baint ar leith ag an gcuideachta le comhfhiontair a bhunú i DPDC, tionscadail mhórscála a chur chun cinn le cuideachtaí Síneacha, oibrithe DPDC a sheoladh, agus bainistiú ar sholáthar trealaimh Eorpaigh mhóir." |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2430 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag an Iaráin do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh gan chúis, gan údar é. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart ceathrar daoine aonair agus ceithre eintiteas a raibh baint acu le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1268. | Yousef ABOUTALEBI<br>یوسف ابوطالبی | Dáta breithe: 29.5.1983<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Post: Stiúrthóir Bainistíochta Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) | Is é Yousef Aboutalebi stiúrthóir bainistíochta Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá liostaithe ag an Aontas, cuideachta atá lonnaithe san Iaráin atá speisialaithe i monaraíocht comhpháirteanna Aerárthaí Gan Foireann agus in earraí tráchtála a allmhairiú agus a onnmhairiú.<br><br>Tá Mado cleamhnaithe le Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Trí Mado, fuair Aboutalebi innill Aerárthaí Gan Foireann atá ceaptha d'úsáid mhíleata ag IRGC agus ag eintitis atá nasctha le IRGC.<br><br>Fuarthas innill a mhonaraigh Mado in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 de chuid na hIaráine a d'úsáid Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Yousef Aboutalebi ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 1269. | Ali Reza BALALI<br><br>علیرضا بلالی | Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Céim: Briogáidire Ghinearál<br><br>Post: Oifigeach<br><br>agus comhairleoir cheannaire Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF), Amir Ali Hajizadeh | Is oifigeach den Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) é an Briogáidire-Ghinearál Ali Reza Balali agus is comhairleoir é d'Amir Ali Hajizadeh atá liostaithe ag an Aontas agus atá ina cheannaire ar Aerospace Force IRGC (IRGC AF).<br><br>Rinne Balali imeacht a eagrú agus a chur chun cinn chun Aerárthaí míleata Gan Foireann a thaispeáint agus chun traenáil a sholáthar ina leith in Kashan na hIaráine i mí Lúnasa 2022, ar tugadh cuireadh d'fhórsaí na Rúise chuige agus ar ghlac siad páirt ann. Agus é sin á dhéanamh aige, thacaigh sé le fórsaí na Rúise Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine a úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Ali Reza Balali ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1270. | Abdollah MEHRABI<br><br>عبدلله مهرابی | Dáta breithe: 22.12.1961<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br><br>Post: Ceann foirne Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) Research and Self-Sufficiency Jihad Organization | Is é an Briogáidire-Ghinearál Abdollah Mehrabi ceann Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) Research and Self-Sufficiency Jihad Organization agus tá sé ina iar-chomhúinéir de Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá liostaithe ag an Aontas Eorpach.<br><br>Fuair Mehrabi innill Aerárthaí Gan Foireann ó Mado lena n-úsáid ag IRGC AF Research and Self-Sufficiency Jihad Organization. Fuarthas innill a mhonaraigh Mado in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 de chuid na hIaráine a d'úsáid Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Abdollah Mehrabi ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 1271. | Hamid VAHEDI<br><br>حمید واحدی | Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br><br>Post: Ardcheannasaí Iranian Air Force | Is é an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi Ardcheannasaí ar Iranian Air Force (Aerfhórsa na hIaráine).<br><br>Sa phost sin, tá baint aige le próiseas cinnteoireachta maidir le clár Aerárthaí Gan Foireann na hIaráine, onnmhairí Aerárthaí Gan Foireann agus comhar cosanta le Cónaidhm na Rúise sa réimse sin, rud a d'fhág go bhfuil Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022" |

Eintitis

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "122. | Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA)<br><br>طراحی و ساخت موتور هواپیما | Seoladh: Shishesh Mina Street, Karaj Special Road, Tehran, Iran<br><br>Cláruimhir: 14005160213<br><br>Príomhionad gnó: Iran | Cuideachta Iaránach is ea Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA).<br><br>Tá baint ag DAMA le taighde, forbairt agus táirgeadh an chláir maidir le hAerárthaí Gan Foireann Shahed-171 de chuid na hIaráine, ar leis Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) é. Is cuideachta chaoch é DAMA a rinne gníomhaíochtaí soláthair ceilte do Aircraft Manufacturing Industries de chuid na hIaráine (HESA), ar eintiteas é atá cleamhnaithe le hAireacht Cosanta na hIaráine agus le Armed Forces Logistics (MODAFL).<br><br>Dhíol an Iaráin roinnt cineálacha Aerárthaí Gan Foireann le Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear Shahed 171 , a d'fhorbair DAMA. D'úsáid Cónaidhm na Rúise Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá DAMA ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 123. | Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO)<br><br>سازمان جهاد خودکفایی و تحقیقات سپاه | Seoladh: Teheran and Isfahan, Iran<br><br>An cineál eintitis: Conraitheoir míleata<br><br>Áit chláraithe: Tehran, Iran<br><br>Dáta clárúcháin: 1993<br><br>Príomhionad gnó: Iran<br><br>Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) | Is aonad taighde agus forbartha é Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn geo-radar, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaíochta.<br><br>Mar chuid de Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), bhí IRGC SSJO rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus soláthair a bhaineann le forbairt Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine, agus tá cuid de na hAerárthaí Gan Foireann sin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá IRGC SSJO ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 124. | Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado)<br><br>(شرکت اوژه پرواز مادو نفر (مادو<br><br>ar a dtugtar freisin Owj Parvaz Mado Nafar Company LLC | Seoladh: Qom, No. 1106, 11 Hemmat Corner, Hemmat Square, Hemmat Boulevard, Shokuhieh Industrial Town, Qom Province, 3718116354, Iran | Is cuideachta é Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá lonnaithe san Iaráin atá speisialaithe i monaraíocht comhpháirteanna Aerárthaí Gan Foireann.<br><br>Tháirg Mado innill Aerárthaí Gan Foireann d'eintitis a bhfuil baint acu le Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), lena n-áirítear innill a úsáidtear in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, faoin ainm Geran-2.<br><br>Dá bhrí sin, tá Mado freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 125. | Paravar Pars Company<br><br>شرکت پراور پارس<br><br>ar a dtugtar freisin Paravar Pars Aerospace Research and Engineering Services; Paravar Pars Aerospace Research Institute; Paravar Pars Engineering and Services Aerospace Research Company; Paravar Pars; ParavarPars; Pravarpars Engineering Research and Design Company | Príomhionad gnó: 13 km of Shahid Babaei Highway, after Imam Hossein University, next to Telo Road, Tehran, Iran<br><br>Rphost: info@paravar-pars.com | Tá dlúthbhaint ag Paravar Pars Company le hOllscoil Imam Hossein, atá faoi rialú Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC).<br><br>Thairg Paravar Pars Company Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go sonrach, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Shahed-171 de chuid na hIaráine, Aerárthach Gan Foireann arna fhorbairt ag IRGCAF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtairgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na Úcráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Paravar Pars Company freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022". |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/2431 ÓN gCOMHAIRLE

### an 12 Nollaig 2022

### lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/849 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/849 ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 17 Iúil 2017, chuir an Chomhairle in iúl go ndéanfadh an tAontas machnamh ar fhreagairtí iomchuí breise ar ghníomhaíochtaí ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) a bhaineann an bonn den chóras domhanda maidir le neamhleathadh agus dí-armáil, go háirithe trí bhearta sriantacha uathrialacha breise.

(3) An 22 Nollaig 2017, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, inar athdhearbhaigh sí an méid seo a leanas maidir le DPDC: nach ndéanfaidh sé aon lainseálacha eile lena n-úsáidtear teicneolaíocht diúracán balaistíoch, tástálacha núicléacha, ná aon bhriogadh eile; go bhfuil sé leis na gníomhaíochtaí uile a bhaineann lena chlár diúracán balaistíoch a chur ar fionraí láithreach agus sa chomhthéacs sin na gealltanais a thug sé cheana féin maidir le moratóir ar gach lainseáil diúracán a athbhunú; go bhfuil sé le gach arm núicléach agus gach clár núicléach atá ann cheana a thréigean láithreach ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe, agus go bhfuil sé le scor láithreach de na gníomhaíochtaí gaolmhara go léir; agus go bhfuil sé le haon airm ollscriosta eile atá ann cheana agus aon chláir diúracán balaistíoch atá ann cheana a thréigean ar bhealach iomlán, infhíoraithe agus dochúlaithe.

(4) Idir an 5 Eanáir agus an 18 Samhain 2022, lainseáil DPDC 63 dhiúracán bhalaistíocha ar a laghad, lena n-áirítear an iliomad diúracán bhalaistíoch idir-ilchríochach.

(5) An 5 Samhain 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') ráiteas thar ceann an Aontais inar cáineadh an méadú suntasach ar lainseáil diúracán neamhdhleathach ag DPDC, lena n-áirítear diúracán balaistíoch idir-ilchríochach agus diúracán balaistíoch gearr-raoin a tháinig i dtír ó dheas de Líne Teorann an Tuaiscirt. Dúirt an tArdionadaí gur géarú contúirteach iad na gníomhaíochtaí sin i sáruithe DPDC ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus gur léiriú scáfar iad ar rún DPDC leanúint de bheith ag baint an bhoinn den chóras domhanda maidir le neamhleathadh, ar bagairt thromchúiseach é do na náisiúin uile agus a bhaineann an bonn den tsíocháin agus den tslándáil idirnáisiúnta agus réigiúnach. Dúirt an tArdionadaí freisin go n-éilítear leis na gníomhaíochtaí sin freagairt dhaingean ó CSNA agus d'iarr sé go gcuirfí smachtbhannaí chun feidhme ina n-iomláine chun cosc a chur ar DPDC maoiniú, eolas agus ábhair a sholáthar chun tacú lena clár arm neamhdhleathach. An 19 Samhain 2022, d'eisigh an tArdionadaí ráiteas eile thar ceann an Aontais, inar cháin sé gur lainseáil DPDC diúracán balaistíoch idir-ilchríochach a tháinig i dtír i limistéar eacnamaíoch eisiach na Seapáine an 18 Samhain agus inar iarradh arís ar DPDC a chuid oibleagáidí faoi na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh. D'athdhearbhaigh an tArdionadaí freisin an gá atá le freagairt iomchuí ó CSNA agus meabhraíodh dó an dualgas atá ar Chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe gníomhú chun na smachtbhannaí arna bhforchur ag CSNA a chur chun feidhme go hiomlán.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

(6) I bhfianaise na ngníomhaíochtaí leanúnacha a dhéanann DPDC a bhaineann le diúracán balaistíoch, lena sáraítear Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus lena dtugtar neamhaird neamhnáireach orthu, ba cheart ochtar duine aonair agus ceithre eintiteas (lena n-áirítear dhá shoitheach) a chur ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/849 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

Leasaítear Cinneadh (CBES) Uimh. 2016/849 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu', faoin bhfo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Ráiteas ar Chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "32. | KIM Kwang Yon<br>김광연 | | Dáta breithe: 30.7.1966<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 563210059 (in éag 2018); 654410104 (in éag 2019) | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID) i nDeisceart na hAfraice, glacann KIM Kwang Yon páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |
| 33. | KIM Su Il<br>김수일 | | Dáta breithe: 4.3.1985<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: 108220348; 745220480<br>Seoladh: Ho Chi Minh, Vietnam | 12.12.2022 | Ó 2016 i leith, tá KIM Su Il ina ghníomhaire i Vítneam do Munitions Industry Department, agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha, trádála, mianadóireachta agus loingseoireachta á ndéanamh aige a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó an Department chun airgeadra eachtrach a thuilleamh do DPDC. Tá baint aige le honnmhairiú táirgí DPDC amhail antraicít agus tiúchan tíotáiniam. Thuill sé airgeadra eachtrach freisin trí amhábhair a allmhairiú agus a onnmhairiú chuig DPDC agus ó DPDC agus earraí Vítneamacha a onnmhairiú chuig an tSín agus chuig tíortha eile. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí airgeadais a thacaíonn le cláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. |
| 34. | PAK Kwang Hun<br>박광훈 | BAK Gwang Hun | Dáta breithe: 1970<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong), glacann PAK Kwang Hun páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 35. | KIM Ho Kyu 김호규 | KIM Ho Gyu | Dáta breithe: 15.9.1970<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Ard-Chonsalacht DPDC in Nakhodka, Cónaidhm na Rúise<br>Feidhm nó gairm: Ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong)<br>Leas-Chonsalacht ag Ard-Chonsalacht DPDC in Nakhodka, Cónaidhm na Rúise | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí do Korea Ryonbong General Corporation (Ryonbong), glacann KIM Ho Kyu páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas arna ainmniú an 24 Aibreán 2009 ag an gCoiste arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar eintiteas a bhíonn ag gabháil do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile nó a thugann tacaíocht dóibh. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |
| 36. | JONG Yong Nam 정영남 | | Dáta breithe: 26.1.1966<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhir: PS 927120050<br>Seoladh: Minsk, Belarus<br>Feidhm nó gairm: Ionadaí i Mionsc ar an Second Academy of Natural Sciences de chuid DPDC | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí i Minsk, Belarus, ar eagraíocht a bhfuil naisc dhíreacha aici leis an Second Academy of Natural Sciences de chuid DPDC, glacann JONG Yong Nam páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhe do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile." |

(b) faoin gceannteideal “I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó le a bhaineann le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu”, faoin bhfo-cheannteideal “B. Eintitis”, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm | Ailias | Suíomh | Dáta ainmniúcháin | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|---|---|
| “6. | Ministry of Rocket Industry<br>로케트공업부 | Rocket Industry Department | Pyongchon, DPRK | 12.12.2022 | Fuair Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe faisnéis ar dhuine aonair atá fostaithe ag cuideachtaí atá nasctha leis an Ministry of Rocket Industry ar duine é atá bainteach le soláthar airgeadais trí haipeanna fioscaireachta haiceála. Fuair Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe faisnéis freisin ó Bhallstáit éagsúla na Náisiún Aontaithe maidir le duine aonair a fuair púdar alúmanaim agus tráchtearraí eile is eol a bheith á n-úsáid i dtiomántán breosla sholadaigh don Ministry of Rocket Industry. Tuairiscíonn Painéal na Náisiún Aontaithe gur gníomhaireacht de chuid an Munitions Industry Department é an Ministry of Rocket Industry. Ós rud é go bhfuil an Munitions Industry Department freagrach as teicneolaíocht núicléach agus diúracán a fhorbairt, d’fhéadfaí an maoiniú a sholáthraíonn Ministry of Rocket Industry a úsáid chun tacú le forbairt na teicneolaíochta núicléiche agus na diúracán atá toirmiscthe ag rúin de chuid UNSC.” |

(c) faoin gceannteideal “III. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le soláthar arm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, nó de na hítimí, na hábhair, an trealamh, na hearraí nó an teicneolaíocht a d’fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha nó a bhaineann le hairm ollscriosta eile, nó a bhfuil baint acu le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le hairm ollscriosta eile”, faoin bhfo-cheannteideal “B. Eintitis”, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm | Ailias | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| “1. | Unica | | Cineál na loinge: soitheach seachadta, tancaer ola<br>Príomhionad gnó: DPDC, Daon-Phoblacht na Síne<br>IMO: 8514306 | 12.12.2022 | Glacann an tancaer ola agus an soitheach seachadta Unica páirt ghníomhach in aistrithe ó long go long de pheitriliam scagtha agus in sciúradh céannachta soithí chun peitriliam scagtha a sheachadadh go héifeachtach do DPDC, de shárú Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Déanann Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Unica a lua go rialta de bhun Rún 1874 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena ainmniú ag an gCoiste.<br>Sa cháil sin dó, bíonn Unica páirteach go díreach i gcur ar fáil soláthairtí a d’fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2. | New Konk | | Cineál na loinge: soitheach seachadta, tancaer ola<br>Úinéir: New Konk Ocean International Company Limited<br>Príomhionad gnó: DPDC, Daon-Phoblacht na Síne<br>IMO: 9036387 | 12.12.2022 | Glacann an tancaer ola agus an soitheach seachadta New Konk páirt ghníomhach in aistrithe ó long go long de sciúradh céannachta peitriliam scagtha agus soithí chun peitriliam scagtha a sheachadadh go héifeachtach do Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, de shárú Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Déanann Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe New Konk a lua go rialta de bhun Rún 1874 (2009) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena ainmniú ag an gCoiste.<br>Sa cháil sin dó, bíonn New Konk páirteach go díreach i gcur ar fáil soláthairtí a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile." |

(2) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal "A. Daoine", cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| "29. | KIL Jong Hun | Dáta breithe: 7.8.1965 \| 20.2.1972<br>Pasuimhir: 563410081 \| 472410022<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí don Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID), tá Kil Jong Hun freagrach as cúnamh a chur ar fáil maidir le soláthar arm don Ghuine Mheánchiorclach, rud a thagann timpeall ar an trádbhac idirnáisiúnta arm a leagtar amach i rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá sé faoi smachtbhannaí na Stát Aontaithe ó bhí 2015 ann. Fostaíodh é roimhe sin mar ionadaí ar an eintiteas ainmnithe, KOMID, sa Namaib faoi stádas taidhleoireachta, tá cuntas bainc curtha ar bun aige san Afraic Theas. Mar gheall ar a sheasamh, leanann sé dá ghníomhaíochtaí iomadaithe ar son KOMID chun maoiniú luachmhar a chur ar fáil do DPDC in ainneoin smachtbhannaí idirnáisiúnta. |
| 30. | PYON Kwang Chol | Dáta breithe: 16.9.1964<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar leas-ionadaí do chomhlacht a bhfuil amhras faoi gur bréagchomhlacht de chuid an Second Academy of Natural Sciences in Dalian (an tSín) é, glacann PYON Kwang Chol páirt i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhedo chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha agus a bhaineann le hairm ollscriosta eile . Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. |
| 31. | O Yong Ho | Dáta breithe: 25.12.1961<br>Pasuimhir: 108410041<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí i Moscó, Cónaidhm na Rúise, ag a bhfuil naisc dhíreacha leis an Second Academy of Natural Sciences, glacann O Yong Ho páirt, faoi stádas taidhleoireachta, i ngníomhaíochtaí d'eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach in UNSCR 2094 (2013). Tá clú ar an eintiteas sin mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iomadaithe a théann chun tairbhe do chláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha agus a bhaineann le hairm ollscriosta eile. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile." |

(b) faoin gceannteideal “B. Eintitis”, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| “9. | Korea Rounsan Trading Corporation<br>로은산무역회사 | | 12.12.2022 | Tá an Korean Rounsan Trading Corporation ina fhochuideachta de chuid Ministry of Rocket Industry de chuid DPDC. Sa cháil sin dó, bíonn an t-eintiteas páirteach go díreach i gcur ar fáil tacaíochta do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Tá baint ar leith ag an gcuideachta le comhfhiontair a bhunú i DPDC, tionscadail mhórscála a chur chun cinn le cuideachtaí Síneacha, oibrithe DPDC a sheoladh, agus bainistiú ar sholáthar trealaimh Eorpaigh mhóir.” |

# CINNEADH (CBES) 2022/2432 ÓN gCOMHAIRLE

## an 12 Nollaig 2022

## lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag an Iaráin do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar cogadh gan chúis, gan údar é. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart ceathrar daoine aonair agus ceithre eintiteas a raibh baint acu le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(4) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus na heintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1268. | Yousef ABOUTALEBI<br>يوسف ابوطالبی | Dáta breithe: 29.5.1983<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Post: Stiúrthóir Bainistíochta Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) | Is é Yousef Aboutalebi stiúrthóir bainistíochta Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá liostaithe ag an Aontas, cuideachta atá lonnaithe san Iaráin atá speisialaithe i monaraíocht comhpháirteanna Aerárthaí Gan Foireann agus in earraí tráchtála a allmhairiú agus a onnmhairiú.<br>Tá Mado cleamhnaithe le Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Trí Mado, fuair Aboutalebi innill Aerárthaí Gan Foireann atá ceaptha d'úsáid mhíleata ag IRGC agus ag eintitis atá nasctha le IRGC.<br>Fuarthas innill a mhonaraigh Mado in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 de chuid na hIaráine a d'úsáid Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Yousef Aboutalebi ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 1269. | Ali Reza<br>BALALI<br>علیرضا بلالی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Céim: Briogáidire Ghinearál<br>Post: Oifigeach<br>agus comhairleoir cheannaire Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF), Amir Ali Hajizadeh | Is oifigeach den Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) é an Briogáidire-Ghinearál Ali Reza Balali agus is comhairleoir é d'Amir Ali Hajizadeh atá liostaithe ag an Aontas agus atá ina cheannaire ar Aerospace Force IRGC (IRGC AF).<br>Rinne Balali imeacht a eagrú agus a chur chun cinn chun Aerárthaí míleata Gan Foireann a thaispeáint agus chun traenáil a sholáthar ina leith in Kashan na hIaráine i mí Lúnasa 2022, ar tugadh cuireadh d'fhórsaí na Rúise chuige agus ar ghlac siad páirt ann. Agus é sin á dhéanamh aige, thacaigh sé le fórsaí na Rúise Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine a úsáid i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Ali Reza Balali ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 1270. | Abdollah<br>MEHRABI<br>عبدلله مهرابی | Dáta breithe: 22.12.1961<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br>Post: Ceann foirne Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) Research and Self-Sufficiency Jihad Organization | Is é an Briogáidire-Ghinearál Abdollah Mehrabi ceann Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) Research and Self-Sufficiency Jihad Organization agus tá sé ina iar-chomhúinéir de Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá liostaithe ag an Aontas Eorpach.<br>Fuair Mehrabi innill Aerárthaí Gan Foireann ó Mado lena n-úsáid ag IRGC AF Research and Self-Sufficiency Jihad Organization. Fuarthas innill a mhonaraigh Mado in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 de chuid na hIaráine a d'úsáid Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Abdollah Mehrabi ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 1271. | Hamid VAHEDI<br>حمید واحدی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Céim: Briogáidire-Ghinearál<br>Post: Ardcheannasaí Iranian Air Force | Is é an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi Ardcheannasaí ar Iranian Air Force (Aerfhórsa na hIaráine).<br>Sa phost sin, tá baint aige le próiseas cinnteoireachta maidir le clár Aerárthaí Gan Foireann na hIaráine, onnmhairí Aerárthaí Gan Foireann agus comhar cosanta le Cónaidhm na Rúise sa réimse sin, rud a d'fhág go bhfuil Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Hamid Vahedi ag tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022" |

Eintitis

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "122. | Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA)<br>**طراحی و ساخت موتور هواپیما** | Seoladh: Shishesh Mina Street, Karaj Special Road, Tehran, Iran<br>Cláruimhir: 14005160213<br>Príomhionad gnó: Iran | Cuideachta Iaránach is ea Design and Manufacturing of Aircraft Engines (DAMA).<br>Tá baint ag DAMA le taighde, forbairt agus táirgeadh an chláir maidir le hAerárthaí Gan Foireann Shahed-171 de chuid na hIaráine, ar leis Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC AF) é. Is cuideachta chaoch é DAMA a rinne gníomhaíochtaí soláthair ceilte do Aircraft Manufacturing Industries de chuid na hIaráine (HESA), ar eintiteas é atá cleamhnaithe le hAireacht Cosanta na hIaráine agus le Armed Forces Logistics (MODAFL).<br>Dhíol an Iaráin roinnt cineálacha Aerárthaí Gan Foireann le Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear Shahed 171 , a d'fhorbair DAMA. D'úsáid Cónaidhm na Rúise Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá DAMA ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |

| | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 123. | Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO)<br>سازمان جهاد خودکفایی و تحقیقات سپاه | Seoladh: Teheran and Isfahan, Iran<br>An cineál eintitis: Conraitheoir míleata<br>Áit chláraithe: Tehran, Iran<br>Dáta clárúcháin: 1993<br>Príomhionad gnó: Iran<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) | Is aonad taighde agus forbartha é Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organization (IRGC SSJO) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn geo-radar, córais chumarsáide, armra, feithiclí comhraic agus trealamh leictreonach cibearchogaíochta.<br>Mar chuid de Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), bhí IRGC SSJO rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus soláthair a bhaineann le forbairt Aerárthaí Gan Foireann de chuid na hIaráine, agus tá cuid de na hAerárthaí Gan Foireann sin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Dá bhrí sin, tá IRGC SSJO ag tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 124. | Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado)<br>(شرکت اوژه پرواز مادو نفر (مادو<br>ar a dtugtar freisin Owj Parvaz Mado Nafar Company LLC | Seoladh: Qom, No. 1106, 11 Hemmat Corner, Hemmat Square, Hemmat Boulevard, Shokuhieh Industrial Town, Qom Province, 3718116354, Iran | Is cuideachta é Oje Parvaz Mado Nafar Company (Mado) atá lonnaithe san Iaráin atá speisialaithe i monaraíocht comhpháirteanna Aerárthaí Gan Foireann.<br>Tháirg Mado innill Aerárthaí Gan Foireann d'eintitis a bhfuil baint acu le Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), lena n-áirítear innill a úsáidtear in Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-136 á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, faoin ainm Geran-2.<br>Dá bhrí sin, tá Mado freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022 |
| 125. | Paravar Pars Company<br>شرکت پراور پارس<br>ar a dtugtar freisin Paravar Pars Aerospace Research and Engineering Services; Paravar Pars Aerospace Research Institute; Paravar Pars Engineering and Services Aerospace Research Company; Paravar Pars; ParavarPars; Pravarpars Engineering Research and Design Company | Príomhionad gnó: 13 km of Shahid Babaei Highway, after Imam Hossein University, next to Telo Road, Tehran, Iran<br>Rphost: info@paravar-pars.com | Tá dlúthbhaint ag Paravar Pars Company le hOllscoil Imam Hossein, atá faoi rialú Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC).<br>Thairg Paravar Pars Company Aerárthaí Gan Foireann do IRGC Aerospace Force (IRGC AF) agus tá tástálacha déanta aige ar Aerárthaí Gan Foireann do Chabhlach IRGC. Go sonrach, bhí baint ag Paravar Pars Company le taighde, forbairt agus táirgeadh Shahed-171 de chuid na hIaráine, Aerárthach Gan Foireann arna fhorbairt ag IRGCAF. Tá Aerárthaí Gan Foireann Shahed-171 arna dtairgeadh san Iaráin á n-úsáid ag Cónaidhm na Rúise sa chogadh foghach i gcoinne na Úcráine.<br>Dá bhrí sin, tá Paravar Pars Company freagrach as tacú le gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 12.12.2022". |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/2433 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES.

(2) An 25 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh go géar úsáid fhorleathan agus dhíréireach fornirt ag fórsaí slándála na hIaráine ina gcoinne siúd a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach, ag tabhairt dá aire go raibh básanna mar aon le líon mór gortuithe mar thoradh air. Sonraíodh freisin sa dearbhú nach mór iad siúd atá freagrach as Mahsa Amini a mharú a thabhairt chun cuntais, agus iarradh ar údaráis na hIaráine imscrúduithe trédhearcacha inchreidte a áirithiú chun líon na ndaoine a fuair bás agus a gabhadh a shoiléiriú, gach duine a bhí páirteach san agóidíocht neamhfhoréigneach a scaoileadh saor agus próis chuí a chur ar fáil do gach duine atá á choinneáil. Ina theannta sin, cuirtear i bhfios go láidir sa dearbhú, i ndáil leis an gcinneadh a rinne an Iaráin srian mór a chur ar rochtain ar an idirlíon agus ardáin teachtaireachtaí meandracha a bhlocáil, gur sárú follasach atá ann ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Ar deireadh, luaitear sa dearbhú go ndéanfaidh an tAontas machnamh ar na roghanna uile atá ar fáil dó chun aghaidh a thabhairt ar mharú Mahsa Amini agus ar an gcaoi ar fhreagair fórsaí slándála na hIaráine do na léirsithe ina dhiaidh sin.

(3) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar gach saincheist imní a bhaineann leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart 20 duine agus aon eintiteas amháin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| “136. | JEBELLI Peyman<br>پیمان جبلی | Dáta breithe: 25.1.1967<br>Áit bhreithe: Tehran (Iran)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) | Is é Peyman Jebelli Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), eagraíocht a bhfuil droch-cháil air as bheith ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br>Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in ‘admhálacha’ faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na ‘hadmhálacha’ seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú. Agus é ina stiúrthóir ar IRIB, tá Jebelli freagrach as gníomhaíochtaí agus ábhar nuachta na heagraíochta sin.<br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022, leanann Jebelli dá chúram mar atá. Bhí a cheapachán mar stiúrthóir phríomhfhoinse nuachta oifigiúil na hIaráine fógartha ag an gCeannaire Uachtarach Ali Khamenei, rud a thugann le fios go bhfuil luí idé-eolaíoch aige leis an réimeas.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 137. | REZVANI Ali<br>رضوانی علی | Dáta breithe: 1984<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: Tuairisceoir agus láithreoir nuachta de chuid Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) maidir le cúrsaí polaitíochta agus slándála | Oibríonn Ali Rezvani mar thuairisceoir don Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus tá sé ina láithreoir nuachta ar an gclár nuachta 20.30 a bhíonn ar IRIB istoíche.<br>Is eagraíocht meán Iaránach é IRIB atá faoi smacht an stáit agus a bhfuil sé de chúram air faisnéis an rialtais a scaipeadh. Is é clár nuachta nuacht 20.30 IRIB ar Channel 2, príomchlár nuacht na tíre, agus meastar gurb é príomhardán IRIB chun cláir oibre na bhfórsaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Ministry of Intelligence (MOIS) agus an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC). Léirítear i gcásanna a bhfuil taifead déanta orthu go gcraolann nuacht 20.30 admhálacha faoi éigeantas. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina cháil mar thuairisceoir de chuid IRIB, glacann Ali Rezvani páirt sa cheastóireacht a mbíonn admhálacha éigeantacha mar thoradh uirthi, agus bíonn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine á ndéanamh agus á n-éascú go díreach aige dá bharr sin. Ina cháil mar láithreoir nuachta nuacht 20.30, cuireann Rezvani clár oibre fhórsaí slándála na hIaráine chun cinn, ina gceadaítear sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, amhail céastóireacht, chomh maith le gabháil agus coinneáil threallach. Bíonn Rezvani ag bolscaireacht chomh maith i gcoinne lucht cáinte an réimis chun imeaglú a dhéanamh orthu agus chun údar maith agus spreagadh a thabhairt le go gcaithfí go dona leo, rudaí a sháraíonn a gceart chun saoirse tuairimí a nochtadh.<br><br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | |
| 138. | ZABIHPOUR Ameneh Sadat<br><br>ذبیح پور آمنه سادات | Dáta breithe: 7.8.1984<br><br>Áit bhreithe: Iran<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: baineann<br><br>Feidhm: Tuairisceoir de chuid an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) agus ceann an ghrúpa meán eachtrach Peirsise ag IRIB atá ann<br><br>Uimh. Pas: 09324611 | Tá Ameneh Sadat Zabihpour ina cheann ar an ngrúpa meán eachtrach Peirsise ag IRIB a bhfuil droch-cháil air as bheith ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br><br>Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na 'hadmhálacha' seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú.<br><br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022, leanann Zabihpour dá cúram mar atá. Tá ceastóireacht curtha aici ar lucht cáinte an réimis agus físeáin déanta aici d'admhálacha éigeantacha.<br><br>Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 139. | KHATAMI Seyyed Ahmad<br><br>خاتمی سید احمد | Dáta breithe: 8.5.1960<br><br>Áit bhreithe: Semnan, Iran<br><br>Náisiúntacht: Iaránach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Feidhm: Imam le haghaidh phaidreoireacht na hAoine, Comhalta den Assembly of Experts for the Leadership | Is cléireach antoisceach é Seyyed Ahmad Khatami, chomh maith lena bheith ina imam le haghaidh phaidreoireacht na hAoine in Tehran a bhfuil tionchar mór aige. Tá Khatami ina chomhalta chomh maith den Assembly of Experts for the Leadership, eintiteas Iaránach a bhfuil baint aige féin le sáruithe ar chearta an duine mar gheall ar an gcaoi a bhfuil teipthe aige seasamh le forálacha bunreachtúla.<br><br>Agus é ina chléireach a bhfuil dlúthbhaint aige le húdaráis an stáit agus a bhfuil lucht leanúna mór aige, baineann sé leas as an stádas atá aige chun ionsaithe ó bhéal a dhéanamh ar agóideoirí agus foréigean a ghríosú ina gcoinne. Ní hamháin go gcosnaíonn sé gníomhaíochtaí cos ar bholg fhórsaí slándála na hIaráine, ach i roinnt cásanna, bhí sé ag tathant orthu a bheith anuas ar na hagóideoirí ar bhealach níos déine, agus pionós an bháis á mholadh aige i measc nithe eile.<br><br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 140. | MIRAHMADI Seyyed Majid<br>مجید سید میراحمدی | Áit bhreithe: Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha na hIaráine | Is an Briogáidire-Ghinearál Seyyed Majid Mirahmadi Leas-Aire Gnóthaí Baile na hIaráine, agus é freagrach as fórsaí slándála agus póilíní na hIaráine a mhaoirsiú, ar dreamanna iad atá páirteach i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.<br>Déanann fórsaí slándála agus póilíní na hIaráine cos ar bolg foréigneach ar agóidí, agus iad ag scaoileadh go díreach le hagóideoirí síochánta agus ag gabháil daoine go treallach, gan aird ar bith acu ar chearta na ndaoine sin.<br>Sna ráitis uaidh, déanann Mirahmadi tagairt do na hagóidí mar chíréibeacha ar gá deireadh a chur leo, agus tugann le fios, agus é ag bagairt orthu, gur coirpigh iad na daoine a ghlacann páirt sna hagóidí síochánta. Tá na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine atá déanta ag na fórsaí atá faoina smacht á gceilt go pearsanta aige; mar shampla, trína bheith ag maíomh gur chuir an t-agóideoir 16 bliana d'aois darb ainm Nika Shakrami lámh ina bás féin. Tugtar le fios sna tuairiscí gur rídhócha gur mharaigh na fórsaí slándála í.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 141. | MOUSAVI Sayyed Abdolrahim<br>موسوی سید عبدالرحیم | Dáta breithe: 1959/1960<br>Áit bhreithe: Qom, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Maor-Ghinearál<br>Feidhm: Ard-Cheannasaí Arm na hIaráine | Is é an Maor-Ghinearál Sayyed Abdolrahim Mousavi Ard-Cheannasaí Arm na hIaráine. Sa cháil sin, tá freagracht air as rannpháirtíocht Arm na hIaráine i bhfreagairt fhoréigneach an réimis ar agóidí 2022.<br>Chuir Mousavi síos roinnt uaireanta ar na hagóidí san Iaráin mar chíréibeacha a bhí eagraithe agus pleanáilte ag naimhde na hIaráine, agus é ag tabhairt le fios gur bagairt ar an tslándáil náisiúnta a bhí sna hagóidí céanna. Labhair sé go bagrach chomh maith i gcoinne daoine atá páirteach sa ghluaiseacht agóidíochta. Anuas air sin, mhol freagairt fhoréigneach fhórsaí slándála na hIaráine ar na hagóideoirí, agus é ag rá gur bealach éifeachtach é le naimhde na hIaráine a dhíothú.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 142. | BORMAHANI Mohsen<br>محسن برمهانی | Dáta breithe: 24.5.1979<br>Áit bhreithe: Neishabur, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimh. Pas: A54062245 (an Iaráin), a rachaidh in éag an 12 Iúil 2026<br>Uimh. Cárta Aitheantais Náisiúnta: 1063893488 (an Iaráin)<br>Feidhm: Leas-Stiúrthóir Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB) | Is é Mohsen Bormahani Leas-Stiúrthóir an Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhíonn ag bolscaireacht ar son an réimis atá i gcumhacht.<br>Sa cháil atá aige, tá Bormahani freagrach as inneachar IRIB. Cuireann IRIB srian daingean le saorghluaiseacht faisnéise, agus séanann sé an tsaorghluaiseacht faisnéise chéanna ar mhuintir na hÚcráine. Anuas air sin, tá IRIB páirteach go gníomhach in 'admhálacha' faoi éigeantas a bhaintear as lucht cáinte an réimis a eagrú agus a chraoladh, agus iad bainte astu trí imeaglú agus foréigean fíorghéar. Is minic a chraoltar na 'hadmhálacha' seo tar éis agóidí poiblí, nó roimh bhású mar bhealach le frithfhreagairt an phobail a laghdú.<br>Cé gur éirigh roinnt de phearsanra cáiliúil craolacháin an stáit as a bpost le déanaí agus iad ag cáineadh fhreagairt fhoréigneach réimeas na hIaráine ar agóidí 2022 san Iaráin, leanann Bormahani dá chúram mar Leas-Stiúrthóir agus tá cosaint déanta aige ar an réimeas sna ráitis is déanaí uaidh.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 143. | JOKAR Morteza<br>جوکار مرتضا<br>(ar a dtugtar freisin JOWKAR Morteza) | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Leas-Cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan | Is é an Coirnéal Morteza Jokar Leas-Cheann ar Law Enforcement Forces (LEF) na hIaráine i gcúige Sistan agus Baluchestan.<br>Sa bhfeidhm sin, tá sé freagrach as an gcniogbheartaíocht fhoréigneach a stiúradh ar agóideoirí sibhialta i gCúige Sistan agus Baluchestan tar éis bhás Mahsa Amini i mí Mheán Fómhair 2022. Tá fórsaí faoina cheannas freagrach as armlón beo a scaoileadh ag agóideoirí le linn sléacht an 30 Meán Fómhair 2022 in Zahedan agus sléacht an 4 Samhain 2022 in Khash, inar maraíodh agus inar gortaíodh na scórtha daoine. Rinneadh cniogbheartaíocht fhoréigneach eile ar agóidí i gcathracha cúigeacha eile (Saravan, Chabahar, Iranshahr, Rask, Sarbaz agus eile) a bhí faoi smacht aige freisin i bhfómhar 2022.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 144. | SOURI Majid<br>سوری مجید | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan | Tá an Coirnéal Majid Souri ina Leas-Cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan.<br>Tá sé freagrach as an gcur faoi chois foréigneach a rinne na fórsaí slándála ar agóidí in 2022, go háirithe i gcathair Khorramabad, áit ar tháinig daoine le chéile chun bás Nika Shakrami a chaoineadh, déagóir ón Iaráin, a fuadaíodh go luath tar éis bhás Mahsa Amini.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 145. | KARIMI Mohsen<br>کریمی محصن | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Markazi | Tá an Briogáidire-Ghinearál Mohsen Karimi ina cheann ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Markazi.<br>Tá sé freagrach as cur faoi chois foréigneach na bhfórsaí slándála ar agóidí in 2022, as ar eascair freisin bás Mehrshad Shahidi, a bhí 19 mbliana d'aois, in ionad coinneála IRGC in Arak.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 146. | HEYDARNIA Alireza<br>حیدرنیا علیرضا | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Alborz | Tá an Briogáidire-Ghinearál Alireza Heydarnia ina Cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Alborz.<br>Tá IRGC freagrach as agóideoirí a chur faoi chois go foréigneach, go háirithe i gcathair Karaj, i gcúige Alborz, in 2022. Sa chathair sin, rinne fórsaí slándála cniogbheartaíocht ar lucht agóide ar ócáid slógaí chun ómós a thabhairt d'íospartaigh na n-agóidí ag an 40ú lá tar éis a mbáis. An 17 Deireadh Fómhair 2022, d'fhuadaigh fórsaí slándála in Karaj Armita Abbasi, cailín 20 bliain d'aois, a fhuadach ón ospidéal agus rinne siad éigniú uirthi arís agus arís eile.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 147. | GARSHASBI Amanollah<br>گرشاسبی امانالله | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Amanollah Garshasbi ina leas-cheannasaí ar an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Sistan agus Baluchestan. Tá an cór cúigeach, *Salaman*, faoina cheannas.<br>Is sa chúige Sistan agus Baluchestan a chonacthas an chuid is foréigní den chniogbheartaíocht a rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear fórsaí IRGC, le linn agóidí 2022. An 30 Meán Fómhair 2022, ba i Zahedan, príomhchathair an chúige, a tharla an eachtra 'Aoine na fola', nuair a scaoil fórsaí slándála urchair ar agóid a bhí ag dul ar aghaidh ag am phaidir na hAoine i Zahedan. Meastar gur lámhachadh agus gur maraíodh 70 agóideoir ar a laghad. Leanadh den fhoréigean i gcoinne rannpháirtithe in agóidí ó shin i leith.<br>Tá Garshasbi freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 148. | REYHANI Bahman<br>بهمن ریحانی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Leas-Cheannasaí chór an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) in iarthair na hIaráine, atá freagrach as cúige ;Kermanshah'. | Is é an Briogáidire-Ghinearál Bahman Reyhani leas-cheannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i West of Iran, agus tá sé freagrach as cúige Kermanshah. Tá an cór cúigeach, *Hazrat Nabi Akram* faoina cheannas.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, cniogbheartaíocht fhoréigneach i gcúige Kermanshah le linn agóidí 2022. Tá Reyhani ar dhuine de na daoine atá freagrach as foréigean IRGC i gcoinne agóideoirí i gcúige Kermanshah.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 149. | SHAHSAVARI Habib<br>شهسواری حبیب | Dáta breithe: 1963/1964<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige West Azerbaijan | Is é an Briogáidire-Ghinearál Habib Shahsavari ceannasaí ar chór cúigeach Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) do chúige West Azerbaijan.<br>Rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, rinneadh na hoibríochtaí sin i gcoinne agóideoirí i mbailte Piranshahr, Mahabad agus Bukan i West Azerbaijan. Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin. De réir mheastacháin eagraíochtaí neamhrialtasacha, ba oibríochtaí IRGC i mbailte Mahabad agus Bukan a ba chúis le marú ceathrar agus dáréag faoi seach.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 150. | ABDOLLAHPOUR Mohammad<br>عبدللاهپور محمد | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Quds an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Gilan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Mohammad Abdollahpour ina cheannasaí ar chór cúigeach Quds an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Gilan.<br>Rinne fórsaí slándála na hIaráine, lena n-áirítear IRGC, cniogbheartaíocht fhoréigneach i gcúige Gilan le linn agóidí 2022, faoi cheannas Abdollahpour.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 151. | MOSLEMI Siavash<br>مسلمی سیاوش | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Karbala an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Mazandaran | Tá an Briogáidire-Ghinearál Siavash Moslemi ina cheannasaí ar chór cúigeach Karbala an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Mazandaran ó mhí an Mheithimh 2020.<br>In 2022, bhain trúpaí IRGC faoina cheannas úsáid as fórsa díréireach i gcoinne agóideoirí i leith na n-oibríochtaí sin. Mar cheannasaí ar na trúpaí a bhí páirteach, tá Moslemi i measc na ndaoine atá freagrach as foréigean i gcoinne agóideoirí.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 152. | ZULQADR Ahmad<br>ذوالقدر احمد | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Seyyed al-Shohada an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Tehran | Tá an Briogáidire-Ghinearál Siavash Moslemi ina cheannasaí ar chór cúigeach Seyyed al-Shohada an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) i gcúige Tehran ó mhí na Samhna 2020. Tá sé ina leas-cheannasaí ar chór IRGC i gcathair Tehran freisin.<br>De réir tuairiscí ó na meáin, roghnaíodh Zulqadr don phost go háirithe mar gheall ar a shaineolas maidir le hagóidí a chur faoi chois. In 2022, bhí an chos ar bolg i gcoinne agóideoirí in Tehran fíorfhoréigneach.<br>Mar cheannasaí ar thrúpaí IRGC a bhí ag gabháil don fhoréigean sin i gcoinne agóideoirí, tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 153. | KASHKOULI Morteza<br>كشكولی مرتضی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar chór cúigeach Hazrat Abulfazl an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gCúige Lorestan | Tá an Briogáidire-Ghinearál Morteza Kashkouli ina cheannasaí ar chór cúigeach Hazrat Abulfazl an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i gcúige Lorestan.<br>In 2022, rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, rinneadh oibríochtaí i mbaile Khorramabad in Lorestan. Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin, agus armlón beo in úsáid acu i gcoinne agóideoirí.<br>Mar cheannasaí ar na fórsaí IRGC sin, tá Kashkouli i measc na ndaoine atá freagrach as an bhforéigean sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 154. | BAYAT Isa<br>بیات عیسی | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Coirnéal<br>Feidhm: Ceannasaí an 364ú briogáid (Shahid Nasirzadeh) de chuid an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) i Mahabad, i gcúige West Azerbaijan | Ó mhí an Mheithimh 2022, tá an Coirnéal Isa Bayat ina cheannasaí ar an 364ú briogáid de chuid an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC), (Shahid Nasirzadeh), i Mahabad, i gcúige West Azerbaijan.<br>In 2022, rinne trúpaí IRGC faoina cheannas oibríochtaí míleata i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, baineadh úsáid as fórsa díréireach i leith na n-oibríochtaí sin i gcoinne agóideoirí i Mahabad, agus inar maraíodh ceathrar mar thoradh ar sin.<br>Mar cheannasaí ar aonad de chuid IRGC a dhéanann na hoibríochtaí sin, tá Bayat freagrach as foréigean i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |
| 155. | ASANLOO Mohammad Taghi<br>آصانلو محمد تقی | Áit bhreithe: Zanjan province, Iran<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Feidhm: Ceannasaí ar cheanncheathrú réigiúnach an Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Hamzeh Seyed Al-Shohada in Iarthuaisceart na hIaráine | Is é an Briogáidire-Ghinearál Mohammad Taghi Asanloo an ceannasaí ar cheanncheathrú réigiúnach Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Hamzeh Seyed Al-Shohada in Iarthuaisceart na hIaráine, agus tá sé freagrach as cúigí Kordestan agus West Azerbaijan.<br>Is é misean sonrach cheanncheathrú 'Hamzeh Seyed Al-Shohada' corraíl a chur faoi chois i réigiúin Choirdíneacha in Iarthuaisceart na hIaráine. In 2022, rinne trúpaí IRGC sa cheantar sin, faoi cheannas Asanloo, oibríochtaí míleata i gcoinne agóideoirí i réigiún Coirdíneach na hIaráine. Go háirithe, ón 15 Samhain 2022, rinne trúpaí IRGC faoi cheannas Asanloo oibríochtaí den sórt sin i gcoinne agóideoirí i mbailte Piranshahr, Mahabad agus Bukan.<br>Bhain trúpaí IRGC úsáid as fórsa díréireach sna hoibríochtaí sin. De réir mheastacháin eagraíochtaí neamhrialtasacha, ba oibríochtaí i gcoinne agóideoirí i réigiúin Choirdíneacha ba chúis le marú 42 duine ón 15 Samhain 2022.<br>Mar cheannasaí ar thrúpaí IRGC sa réigiún, tá Asanloo freagrach as foréigean a dhéanann a chuid trúpaí i gcoinne agóideoirí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022 |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '12. | Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB)<br>سازمان صدا و سیمای جمهوری اسلامی ایران | Seoladh: Jamejam Street, Valiasr Avenue, 19395-3333 Tehran, Iran<br>An cineál eintitis: cuideachta craolacháin faoi úinéireacht stáit<br>Eintitis chomhlachaithe eile: Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) | Is cuideachta craolacháin faoi úinéireacht stáit é Islamic Republic of Iran Broadcasting (IRIB), a bhfuil a gcáil amuigh mar urlabhraí don réimeas.<br>Tá IRIB freagrach as admhálacha éigeantacha ó choinneálaithe a léiriú agus a chraoladh, lena n-áirítear iriseoirí, gníomhaithe polaitiúla, agus ó dhaoine ar de ghrúpaí mionlaigh Choirdíneacha agus Arabacha iad, lena sáraítear, dá bhrí sin, cearta a aithnítear go hidirnáisiúnta chun triail chóir agus próis chuí a fháil.<br>Tá IRIB freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | 12.12.2022". |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA